Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7089/23**

**EDUC 83**
**ENV 200**
**CLIMA 109**
**SOC 159**
**JEUN 45**
**EMPL 114**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Márta 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR SEO A LEANAS,

MEABHRAÍTEAR DI an cúlra polaitiúil maidir le scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo é.

CUIREANN SÍ I dTREIS na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023[1] ina n-iarrtar go ndéanfar gníomhaíocht níos misniúla agus níos uaillmhianaí chun na scileanna a theastaíonn don aistriú glas agus don aistriú digiteach a fhorbairt a thuilleadh trí oideachas, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na nganntanas lucht saothair agus ar chlaochlú na bpost, lena n-áirítear i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh atá beartaithe do Bhliain Eorpach na Scileanna 2023 agus CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hiarrachtaí comhpháirteacha maidir le hathsciliú agus uas-sciliú don aistriú glas ar bhealach atá cothrom, cuimsitheach agus cóir go sóisialta, agus borradh a chur faoi iomaíochas cuideachtaí Eorpacha agus faoi athléimneacht shochaí na hEorpa.

AITHNÍONN SÍ:

1. Ní mór freagairt dhomhanda phráinneach a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht. Tá an t-aistriú glas agus an t-aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, ina siocair leis an ngá atá le claochlú bunúsach ar ár sochaí thar raon leathan earnálacha. Ní mór don Eoraip bheith i dtús cadhnaíochta, trí spriocanna uaillmhianacha comhshaoil, aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach, trí fheabhas a chur ar an bhfás, ar an iomaíochas agus ar chruthú post ardcháilíochta, agus an comhshaol á chosaint agus aistriú cóir chuig geilleagar ciorclach atá níos tíosaí ar acmhainní á áirithiú ag an am céanna.

[1] Conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú urghnách an 9 Feabhra 2023 (EUCO 1/23).

2. Chun a bhuntáiste iomaíoch a choinneáil i dteicneolaíochtaí le haghaidh an aistrithe ghlais agus na forbartha inbhuanaithe, ní mór don Aontas Eorpach méadú suntasach a dhéanamh ar fhorbairt, imscaradh agus léiriú mórscála teicneolaíochtaí nua ar fud earnálacha agus ar fud an mhargaidh aonair, ag tógáil slabhraí luacha nuálacha nua. Cruthófar 'poist ghlasa' nua, agus cuirfear poist nua in ionad na seanphost agus déanfar athshainiú ar phoist eile, rud a éilíonn tacair scileanna athraithe.

3. Tá sé ríthábhachtach cur leis an rannpháirtíocht san aistriú glas agus san fhorbairt inbhuanaithe sa tsochaí i gcoitinne agus cur leis an bhfeasacht orthu. Gné bhunúsach d'éascú an aistrithe ghlais agus na forbartha inbhuanaithe is ea sealbhú príomhinniúlachtaí ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de, lena n-áirítear ó na luathbhlianta, ar cheart iad a mheas faoi chuimsiú gach leibhéal agus gach cineáil conairí oideachais, oiliúna agus foghlama. Tá cur chuige uile-institiúide maidir le hinbhuanaitheacht, lena n-ionchorpraítear gach réimse gníomhaíochta, tábhachtach. Ag cur leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe[2], tá géarghá le hiarrachtaí chun tacú le córais oideachais agus oiliúna chun gníomhaíocht a dhéanamh maidir le scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt don aistriú glas.

4. Is de chineál éagsúil iad na scileanna agus na hinniúlachtaí agus na tacair scileanna is gá don aistriú glas agus leanann siad de bheith ag teacht chun cinn agus de bheith sainithe. Le GreenComp[3], creat inniúlachta inbhuanaitheachta na hEorpa, déantar cur síos ar 'inniúlachtaí inbhuanaitheachta' mar inniúlachtaí lena gcumhdaítear an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí de gach aois chun maireachtáil, obair agus gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Baineann 'scileanna glasa' leis na scileanna gairmiúla atá ag teastáil ó gach earnáil agus ar gach leibhéal sa mhargadh saothair don aistriú glas, lena n-áirítear poist ghlasa nua a chruthú. Baineann siad freisin le scileanna idirdhisciplíneacha a theastaíonn chun smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chóras, réiteach fadhbanna agus nuálaíocht a chumasú.

---

[2] IO C 243, 27.6.2022, lch. 1.

[3] An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, *GreenComp, the European sustainability competence framework* ['Greencomp, an Creat Eorpach um inniúlachtaí inbhuanaitheachta'], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

5. Ní éireoidh leis an aistriú glas ach amháin má tá an lucht saothair oilte ag an Aontas chuige sin. Mar a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Ghlan-Nialasach[4], tá ganntanais lucht saothair, mar is léir ón ráta folúntas, méadaithe faoi dhó idir 2015 agus 2021 in earnálacha a mheastar a bheith ríthábhachtach don aistriú glas,.agus tá méadú ag teacht ar an éileamh atá ar scileanna teicniúla an aistrithe ghlais. Beidh géarghá le scileanna glasa agus uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair chun an t-aistriú chuig geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach. Tá beartais maidir le hoideachas agus oiliúint agus infheistíochtaí foirmiúla agus seachfhoirmiúla tosaigh agus leanúnacha atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas ríthábhachtach d’athléimneacht agus rathúnas na hEorpa amach anseo.

6. Tá ról lárnach ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint tosaigh agus leanúnach (VET),, ag an ardoideachas agus ag an bhfoghlaim aosach chun freagairt ar an ngá le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus oiriúnú dó, cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, agus an t-aistriú glas a bhaint amach trí na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó dhaoine óga agus ó dhaoine fásta chun go mbeidh rath orthu i margadh saothair agus sochaí atá ag athrú, agus trí rannchuidiú le réitigh ghlasa a fhorbairt tríd an nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta. Trí chomhar trasnáisiúnta, mar shampla trí comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha agus trí na hIonaid Barr Feabhais Gairme, is féidir leis an ngairmoideachas agus an gairmoideachas tosaigh agus leanúnach an méid a chuireann siad leis an aistriú glas agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a threisiú.

7. Trí fhreastal ar riachtanais na gcineálacha éagsúla foghlaimeoirí agus mhargadh an tsaothair, is féidir le VET agus córais ardoideachais infhostaitheacht, cuimsiú sóisialta, comhtháthú sóisialta agus comhionannas inscne a chothú, athsciliú agus uas-sciliú a éascú, lena n-áirítear trí dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil atá solúbtha agus sofhreagrúil, agus rannchuidiú freisin le líon na n-oibrithe oilte a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, agus ag brath ar chúinsí náisiúnta, is féidir le foghlaim aosach cur le rannpháirtíocht daoine fásta in oiliúint i rith an tsaoil oibre, i gcomhréir leis na riachtanais uas-scilithe agus athscilithe le haghaidh an aistrithe ghlais.

[4] COM(2023) 62 final.

AONTAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Chun an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach,, an t-ardoideachasagus agus an fhoghlaim aosach a oiriúnú chun tacú leis an aistriú glas, ní mór na riachtanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mhapáil, lena n-áirítear próifílí poist agus tacair scileanna nua, riachtanais ghairmiúla, agus bearnaí scileanna a shainaithint. Tá comhar idir soláthraithe oideachais agus oiliúna (idir phoiblí agus phríobháideach), údaráis phoiblí, eagraíochtaí taighde, seirbhísí fostaíochta, comhpháirtithe sóisialta, cuideachtaí, agus geallsealbhóirí ábhartha eile, go náisiúnta agus go réigiúnach, ríthábhachtach chun na riachtanais scileanna sin atá ag teacht chun cinn i margadh an tsaothair a shainaithint. Ina theannta sin, leis an obair leantach ar aistriú foghlaimeoirí isteach sa mhargadh saothair, mar shampla trí rianú céimithe, is féidir faisnéis a chur ar fáil maidir le meaitseáil post agus ábharthacht na scileanna agus na n-inniúlachtaí a sealbhaíodh, mar shampla.

2. Is féidir le huirlisí faisnéise scileanna .tacú a thuilleadh le riachtanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a shainaithint. Sa chomhthéacs sin, is féidir le tacsanomaíocht scileanna an Aicmithe Eorpaigh Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Eorpacha (ESCO)[5] don aistriú glas cur le tuiscint choiteann ar na scileanna atá ag teastáil le haghaidh aistriú glas rathúil i margadh an tsaothair agus, mar shampla, soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe laistigh den Aontas a éascú. Ina theannta sin, is féidir leis na huirlisí sin cabhrú leis na Ballstáit agus le soláthraithe oideachais agus oiliúna gnéithe glasa a shainaithint a d’fhéadfadh a bheith mar chuid de ghairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh agus leanúnach nó de cháilíochtaí ardoideachais agus de dheiseanna foghlama, chomh maith leis an bhfoghlaim aosach.

3. I bhfianaise na n-athruithe ar phróifílí poist agus na ngairmeacha nua atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an aistriú glas, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh inneachar ábhartha agus cothrom le dáta i VET, , san ardoideachas agusagus san fhoghlaim aosach. Ba cheart VET agus ardoideachas, nuair is ábhartha agus i gcomhréir iomlán le neamhspleáchas institiúideach agus saoirse acadúil, a athbhreithniú dá réir sin, le cáilíochtaí nua a chruthú nó scileanna glasa a leabú sna cáilíochtaí atá ann cheana.

---

5 Is é ESCO (an tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Eorpacha) an t-aicmiú ilteangach Eorpach le haghaidh Scileanna, Inniúlachtaí agus Gairmeacha.

4. Ba cheart go bhfreagródh soláthar an oideachais agus na hoiliúna do riachtanais na ndaoine sin atá ag dul i mbun oideachas agus oiliúint tosaigh mar aon le riachtanais na ndaoine sin ar gá dóibh a scileanna agus a n-inniúlachtaí a nuashonrú mar fhreagairt ar riachtanais an phoist atá acu faoi láthair nó chun aistriú chuig poist nua agus chuig earnálacha atá ag leathnú. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit agus do sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus d’institiúidí ardoideachais féachaint ar bhealaí nuálacha solúbtha chun deiseanna foghlama a sholáthar le haghaidh scileanna glasa, lena n-áirítear i réimsí STEAM, i gcás inarb indéanta trí mhodúil foghlama bheaga shaincheaptha a fhorbairt a bhféadfadh micridhintiúir, i measc nithe eile, a bheith mar thoradh orthu. Ina theannta sin, is gá foghlaim aosach a fhorbairt ar an leibhéal meánscoile agus ar an leibhéal treasach trí chonairí foghlama solúbtha, i measc nithe eile, lena bhféadfar inniúlachtaí a thabhairt cothrom le dáta, a leathnú agus a dhoimhniú. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar an méid a baineadh amach roimhe seo san obair agus sna scileanna sealbhaithe a bhailíochtú agus a aithint agus, ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta, scileanna agus inniúlachtaí ábhartha a dheimhniú nó a chreidiúnú. Cé go gcuireann foghlaim obairbhunaithe, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí, le haistrithe i margadh an tsaothair, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé dúshlánach áiteanna oibre ábhartha a aimsiú i dtionscail atá ag teacht chun cinn go tapa agus i gcuideachtaí ar gá dóibh dul in oiriúint do chúinsí nua. Dá bhrí sin, tá gá le bealaí malartacha chun deiseanna foghlama a chur ar fáil i suíomhanna obairbhunaithe chun cabhrú le foghlaimeoirí scileanna glasa nua a shealbhú.

5. Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí agus oiliúnóirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach,, san ardoideachasagus san fhoghlaim aosach san aistriú glas trí scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla, teicniúla agus eile atá cothrom le dáta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí atá ag teastáil sna tionscail ghlasa atá ag teacht chun cinn agus chun freastal ar na riachtanais athraitheacha sna tionscail atá ann cheana. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, eolas, scileanna agus inniúlachtaí múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh trí thacú le deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí, trí luach a chur ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oideachais atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas i gconairí gairme agus trí chomhar agus piarfhoghlaim a chur chun cinn i measc soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, cuideachtaí agus geallsealbhóirí eile. Ina theannta sin, tá ceannaireacht laistigh d'eagraíochtaí oideachais agus oiliúna ríthábhachtach chun an fhorbairt sin a fheabhsú agus chun tacú léi.

6. Tá gá le bearta spriocdhírithe chun daoine óga agus daoine fásta a mhealladh, gan beann ar inscne agus ar chúlra socheacnamaíoch, lena n-áirítear daoine óga agus daoine fásta ó cheantair thuaithe agus iargúlta mar shampla na réigiúin is forimeallaí san Aontas, chun dul i mbun deiseanna foghlama do scileanna glasa. Áirítear leis sin, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir iomlán le neamhspleáchas institiúideach agus saoirse acadúil, constaicí agus bacainní atá ann cheana ar gach cineál foghlama a bhaint, mar shampla saincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht, inrochtaineacht, neamhionannais inscne agus steiréitíopaí, treoir, for-rochtain, tacaíocht airgeadais do dhaoine aonair, seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí agus aitheantas don réamhfhoghlaim. Ba cheart rannpháirtíocht na mban agus na bhfear araon a spreagadh agus tacaíocht chomhionann a thabhairt dóibh trí chórais éifeachtacha treorach ar feadh an tsaoil, arna neartú ag oideachas tosaigh agus oiliúint bhreise ar threoirchomhairleoirí agus ar threoirghairmithe eile.

IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas institiúideach agus ar shaoirse acadúil, agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, na saincheisteanna thuasluaite a chur san áireamh agus an méid seo a leanas á dhéanamh:

1. leanúint de phríomhinniúlachtaí agus d'inniúlachtaí inbhuanaitheachta a fhorbairt ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de, lena n-áirítear ó na luathbhlianta, ar gach leibhéal agus i ngach cineál conairí oideachais, oiliúna agus foghlama[6];

2. córais ghairmoideachais agus ardoideachais tosaigh agus leanúnacha agus tairiscintí oideachais a fhorbairt don aistriú glas, chomh maith le foghlaim aosach, mar shampla trí mhicridhintiúir;

3. dul i dteagmháil le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le heagraíochtaí taighde, le fostóirí, le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun riachtanais athscilithe agus uas-scilithe a shainaithint go comhpháirteach don aistriú glas, lena n-áirítear comhar poiblí-príobháideach;

4. tacú le soláthraithe VET tosaigh agus leanúnacha, , le hinstitiúidí ardoideachais, agus le heagraíochtaí foghlama aosaí agus iad a spreagadh chun deiseanna foghlama don aistriú glas a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear deiseanna foghlama i réimsí STEAM;

5. tacú le múinteoirí, oiliúnóirí, baill foirne, gairmithe treorach agus ceannairí an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun rannchuidiú leis an aistriú glas agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a shealbhú agus a nuashonrú, trí oiliúint tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn;

---

6 I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe agus leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

6. daoine aonair a spreagadh agus tacú leo chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama, uas-scilithe nó athscilithe, laistigh den oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus sa tsoghluaisteacht don aistriú glas;

7. úsáid a bhaint as uirlisí agus cláir chistiúcháin de chuid an Aontais agus na mBallstát atá ar fáil mar shampla Erasmus+ agus CSE+ chun tacú le scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear dea-chleachtais a chomhroinnt agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama.

IARANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, agus aird chuí á tabhairt ar an gcoimhdeacht agus ar na himthosca náisiúnta, na conclúidí sin a chur san áireamh sna cásanna seo a leanas:

1. foghlaim fhrithpháirteach agus comhroinnt dea-chleachtas maidir le scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais a chur chun cinn idir na Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí taighde, tionscail agus geallsealbhóirí ábhartha eile;

2. tacú le comhar trasnáisiúnta agus dea-chleachtais a chomhroinnt atá nasctha le scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear trí mhalartuithe mac léinn agus foirne Erasmus+ agus comhar idir institiúidí oideachais agus oiliúna, mar shampla comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha agus na hIonaid Barr Feabhais Gairme;

3. dul i dteagmháil le soláthraithe oideachais agus oiliúna, éiceachórais thionsclaíocha, comhpháirtithe sóisialta, agus na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, tríd an gComhshocrú um Scileanna, chun riachtanais athscilithe agus uas-scilithe don aistriú glas a shainaithint go comhpháirteach;

4. an bonn fianaise le haghaidh scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas a fhorbairt a thuilleadh trí bheith ag obair le Cedefop agus le heagraíochtaí ábhartha eile, gan oibleagáidí tuairiscithe nua ná aon ualach breise a chruthú do na Ballstáit;

5. leanúint de na hiarrachtaí, in éineacht leis an mBuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna, maidir le táscairí féideartha nó spriocanna ar leibhéal an Aontais a fhorbairt i réimse na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear glasú na gcóras oideachais agus oiliúna;

6. uirlisí agus cláir an Aontais atá ann cheana a chur chun cinn a thuilleadh chun tacú le scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit;

7. tionscnaimh a chur chun feidhme agus a ullmhú arb é is aidhm dóibh iomaíochas na hEorpa agus ullmhacht na hEorpa amach anseo a fheabhsú agus tacú leis na Ballstáit aistriú glas rathúil a bhaint amach san oideachas agus san oiliúint agus tríd an oideachas agus an oiliúint sin.

## Cúlra polaitiúil

1. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.

2. Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, IO C 417, 2.12.2020, lch 1.

3. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.

4. Rún ón gComhairle maidir le clár oibre Eorpach nua don fhoghlaim aosach 2021-2030 IO C 504, 14.12.2021, lch. 9.

5. Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas, IO C 160, 13.4.2022, lch. 1.

6. Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.

7. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.

8. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta, IO C 243, 27.6.2022, lch. 10.

9. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair, IO C 243, 27.6.2022, lch 26.

10. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, IO C 243, 27.6.2022, lch. 1.